Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Feabhra 2015**
**(OR. en)**

**5957/15**

**UEM 24**
**ECOFIN 74**
**SOC 51**
**POLGEN 12**
**EMPL 19**
**EDUC 19**
**ENV 41**
**RECH 18**
**ENER 24**
**FISC 12**
**TELECOM 27**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | COREPER II agus an Chomhairle |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2015 - an Suirbhé Bliantúil Fáis : treoir mhaicreacnamaíoch agus fhioscach do na Ballstáit agus Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh<br>= Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an Suirbhé Bliantúil Fáis agus an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh a d'ullmhaigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, agus atá in aon doiciméad amháin.

— Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle (ECOFIN) —

Maidir leis an gComhairle (ECOFIN):

**I AN SEIMEASTAR EORPACH 2015**

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Suirbhé Bliantúil Fáis 2015 de chuid an Choimisiúin, ina leagtar amach tosaíochtaí leathana beartais don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit, agus ar túsphointe Sheimeastar Eorpach 2015 é; agus MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2014 maidir leis na príomhbhearta le go mbeadh an tAontas níos tarraingtí mar láthair táirgthe, infheistíochta agus nuála mar aon leis an ngá atá le beartais eacnamaíocha a chomhordú ar bhealach níos dlúithe.

2. AONTAÍONN SÍ I gCOITINNE leis an anailís a rinne an Coimisiún ar an gcás eacnamaíoch agus ar dhúshláin bheartais san Aontas Eorpach. Agus an ról atá ag na gníomhaithe ábhartha go léir á chomhlíonadh ina iomláine, tá sé riachtanach go gcuideodh beartais struchtúracha, fioscacha agus airgeadaíochta le cur chuige lena gcothófar an fás agus chun dul i ngleic leis na fadhbanna a bhaineann le fás síor-íseal, boilsciú an-íseal, fiachas ard agus ráta ard dífhostaíochta go héifeachtach, ag gníomhú dóibh ar thaobh an éilimh agus ar thaobh an tsoláthair den gheilleagar san Aontas araon. In ainneoin na bhfeabhsuithe le déanaí, tá an téarnamh níos laige ná mar a bhíothas ag súil leis le gnóthachain ísil táirgiúlachta, leibhéal íseal infheistíochta agus ráta ard dífhostaíochta. Mura dtugtar aghaidh orthu, beidh cumas fáis na hEorpa níos laige mar gheall ar na fachtóirí sin, agus beidh sé níos deacra na spriocanna sochaíocha a bhaint amach dá bharr sin.

3. Sa chomhthéacs seo, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá leis an infheistíocht a chothú, feabhas a chur ar an timpeallacht fhoriomlán ghnó, agus dul i ngleic le cliseadh margaidh san Eoraip chomh maith le hiarrachtaí na mBallstát a shaothrú chun athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme, agus chun dlús a chur faoi na hiarrachtaí sin, agus chun comhdhlúthú fioscach lena gcothófar fás á shaothrú, ionas go mbeidh an bunús ann le haghaidh fáis agus post san Eoraip agus go ndéanfar dul chun cinn maidir le príomhspriocanna Eoraip 2020. AONTAÍONN SÍ leis an réimse leathan tosaíochtaí beartais a leag an Coimisiún amach agus ar cheart díriú orthu ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE in 2015; le borradh a chur faoin infheistíocht, tiomantas a athnuachan maidir le hathchóiriú struchtúrach a chur chun feidhme agus maidir le freagracht fhioscach a fheidhmiú. Ba cheart na tosaíochtaí sin a bheith á gcur chun feidhme ar bhealach comhtháite chun dul i ngleic leis na dúshláin go héifeachtach ar leibhéal AE agus ar leibhéal na mBallstát araon. Tá ról tábhachtach ag na trí thosaíocht sin agus treisíonn siad a chéile.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI na moltaí ón gCoimisiúin an Seimeastar Eorpach a athchóiriú chun éifeachta agus a threisiú. MEABHRAÍONN SÍ tuairim comhpháirteach an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (EFC) agus an Choiste um Beartas Eacnamaíoch (EPC) maidir leis an athbhreithniú meántéarmach ar Straitéis Eoraip 2020 agus í a chur chun feidhme tríd an Seimeastar Eorpach. AONTAÍONN SÍ gurb é is aidhm don Seimeastar a athchóiriú chun éifeachta cur leis an úinéireacht pholaitiúil, leis an intuarthacht, leis an gcuntasacht, agus leis an bpróiseas a ghlacadh, chun é a dhéanamh níos inchreidte agus níos inchomparáide ar fud na mBallstát agus chun cabhrú le feabhas a chur ar chur chun feidhme na moltaí atá sonrach do thíortha ar leith. AITHNÍONN SÍ, má dhéantar measúnú cuimsitheach eacnamaíoch amháin in aghaidh an Bhallstáit ag deireadh mhí Feabhra, ceadófar níos mó trédhearcachta agus aiseolais maidir leis an anailís a rinne an Coimisiún agus tuilleadh ama chun treoracha ón Aontas a scrúdú agus a phlé, ar cheart feabhas breise a chur ar an úinéireacht agus ar an bpróiseas iltaobhach faireacháin. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar bheartas a chur chun feidhme, lena n-áirítear na moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith a chur chun feidhme, le linn na bliana ar fad. IARRANN SÍ ar an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus ar an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch a bheith páirteach i gcónaí.

5. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an plé maidir leis an Seimeastar Eorpach agus na hathruithe ina thaobh tábhachtach freisin i bhfianaise na hoibre atá le teacht maidir le rialachas eacnamaíoch, a bheidh á chomhordú ag Uachtarán an Choimisiúin, in éineacht le hUachtarán na Comhairle Eorpaí, le hUachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus le hUachtarán an Ghrúpa Euro. Tá sé tábhachtach freisin i bhfianaise athbhreithniú lárthéarma an Choimisiúin ar Straitéis 'Eoraip 2020', agus TÁ SÍ AG TNÚTH leis an bplé ag an gComhairle Eorpach san earrach in 2015.

## II TREOSHUÍMH MAIDIR LE BEARTAS FIOSCACH AGUS MAICREACNAMAÍOCH

**Feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus borradh a chur faoin infheistíocht**

6. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá práinneach le borradh a chur faoin infheistíocht chun cabhrú le téarnamh eacnamaíoch AE a neartú mar aon leis an bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann. MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí ón gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2014 maidir le bearta chun tacú leis an infheistíocht.

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Plean Infheistíochta don Eoraip a thíolaic an Coimisiún in éineacht leis an Suirbhé Bliantúil Fáis, lena gcomhlánófar na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair, agus lena gcuirfear borradh fúthu, agus é mar aidhm acu leas a bhaint as ar a laghad EUR 315 billiún suas go deireadh 2017 in infheistíocht bhreise phoiblí agus phríobháideach.

8. TACAÍONN SÍ leis an gcur chuige atá sa phlean maidir le díriú ar thrí chuspóir beartais (i) na treochtaí infheistíochta atá ag ísliú le déanaí a athrú agus dlús breise a chur le poist a chruthú agus le geilleagar AE a théarnamh; (ii) céim mhór ar aghaidh chun freastal ar riachtanais fhadtéarmacha ár ngeilleagair trí dhlús a chur leis an iomaíochas i réimsí straitéiseacha; (iii) an ghné Eorpach a neartú don chaipiteal daonna agus don bhonneagar fisiciúil atá againn, ag díriú go speisialta ar na hidirnaisc atá ríthábhachtach don mhargadh aonair. Ba cheart go gcuideodh an plean freisin leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go dtabharfaí aghaidh ar chliseadh margaidh agus ar riachtanais an fhíorgheilleagair sna tionscnaimh a ndéanfar faoin bPlean Infheistíochta, agus ba cheart na tionscnaimh sin a chomhlánú le bearta lena gcuirfear feabhas ar an timpeallacht ghnó agus lena ndéanfar infheistíocht níos tarraingtí.

**Tiomantas athnuaite maidir le hathchóirithe struchtúracha**

10. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go mbeidh sé ríthábhachtach don fhás, geilleagar na hEorpa a dhéanamh níos iomaíche, agus an timpeallacht rialála cheart don infheistíocht fhadtéarmach a áirithiú. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le hathchóirithe struchtúracha. AITHNÍONN SÍ go mbeidh sé ríthábhachtach athchóirithe struchtúracha sna margaí saothair, táirgí agus seirbhísí a chur chun feidhme go huaillmhianach chun táirgiúlacht a mhéadú, chun iomaíochas agus timpeallacht an ghnó a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin infheistíocht tháirgiúil phríobháideach a chothú, mar aon leis an bhfostaíocht agus leis an bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann. Thairis sin, is féidir leo cur le múnla AE don fhás a athchothromú go marthanach, fo-éifeachtaí diúltacha na díghiarála a laghdú agus cur le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc.

11. AITHNÍONN SÍ gurb é an margadh aonair Eorpach an t-inneall is cumhachtaí don fhás ar leibhéal an Aontais agus go dtugtar tús áite do bhailchríoch a chur ar an margadh aonair in earraí agus i seirbhísí araon, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann deireadh a chur leis na bacainní nach bhfuil údar leo nó atá díréireach leis an Margadh Aonair do sheirbhísí, lena náirítear san earnáil seirbhísí gairmiúla agus gnó, seirbhísí miondíola agus tógála agus TÁ SÍ AG TNÚTH leis na tionscnaimh ón gCoimisiún sa réimse seo. TÁ SÍ AG TNÚTH freisin leis na tionscnaimh ón gCoimisiún maidir le hAontas na Margaí Caipitil a bhunú. AITHNÍONN SÍ gur gá díriú isteach ar na margaí seirbhísí agus earraí a chomhtháthú tuilleadh, áit a bhfuil deiseanna suntasacha post, fáis agus nuálaíochta.

12. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil an Margadh aonair Digiteach bunriachtanach maidir le poist, leis an bhfás agus le nuálaíocht ós rud é go bhfuil an geilleagar domhanda ag athrú ina gheilleagar digiteach. CUIREANN SÍ I bhFÁTH ní hamháin gur earnáil atá i gceist le Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide, ach is bunús í do gheilleagar nua-aimseartha nuálach.

13. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil gá le tuilleadh athchóirithe struchtúracha ar na margaí fuinnimh in éineacht le beartas réamhbhreathnaitheach maidir leis an athrú aeráide, i gcomhréir le cuspóirí Eoraip 2020 agus creat fuinnimh agus aeráide 2030, a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2014, agus le feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh agus chun an margadh inmheánach fuinnimh a chomhlánú, lena n-áirítear trí idirnaisc níos fearr a chruthú.

14. AITHNÍONN SÍ na hiarrachtaí atá déanta ag na Ballstáit chun na hathchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme. TÁ SÍ DEN TUAIRIM freisin go bhfuil gá lenár ngeilleagair a athchóiriú agus a nuachóiriú chun bheith mar bhonn don mhúnla sóisialta Eorpach. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá tuilleadh beart chun cur le rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, mar fhoinse don fhás breise a d'fhéadfadh a bheith ann.

15. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hiarrachtaí athchóirithe breise i ngach Ballstát, i gcomhréir leis an leibhéal atá fágtha maidir le dolúbthacht agus leochaileacht. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá ann díriú ar roinnt réimsí tábhachtacha athchóirithe, lena n-áirítear dinimic mhargadh an tsaothair, athchóirithe pinsean, córais chosanta sóisialta a nuachóiriú, feabhas a chur ar iomaíocht sna margaí táirgí agus seirbhísí, feabhas a chur ar na coinníollacha creata ar mhaithe le timpeallacht an ghnó, feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais agus ar infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht sa riarachán poiblí. Cé go bhfuil roinnt de na réimsí sin, ar a laghad, tábhachtach do na Ballstáit uile, bíonn na dúshláin agus, dá bhrí sin, na bearta baileacha ábhartha éagsúil ó thír go tír.

16. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur cheart aird ar leith a thabhairt, laistigh den limistéar euro, ar na hathchóirithe a chur chun feidhme, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo le haghaidh fheidhmiú rianúil an limistéir euro, agus ar shinéirge dhearfach a fheabhsú agus ar iarmhairtí diúltacha a sheachaint.

**Comhdhlúthú difreáilte fioscach lena gcothófaí fás a shaothrú agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais phoiblí a áirithiú**

17. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn suntasach a rinneadh le comhdhlúthú fioscach. AITHNÍONN SÍ, ag an am céanna, go bhfuil leibhéil an fhiachais phoiblí i bhformhór na mBallstát fós ard agus go bhfuil gá ann fós na leibhéil fiachais a laghdú. Dá bhrí sin, CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil sé ríthábhachtach go leanfaidh na Ballstáit uile leis an straitéis chomhaontaithe maidir le comhdhlúthú difreáilte fioscach lena gcothófaí fás d'fhonn inbhuanaitheacht airgeadais phoiblí a áirithiú. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go gcuirfidh na Ballstáit go léir a mbeartais fhioscacha chun feidhme i gcomhréir lena gceanglais faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, lena gcuirtear ar chumas na gcobhsaitheoirí uathoibríocha feidhmiú de réir na modhanna a comhaontaíodh maidir le coigeartú struchtúrach, lena n-áiritheofar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí ag an am céanna. Ba cheart go mbeadh na beartais sin bunaithe i gcreataí éifeachtacha náisiúnta rialachais chun muinín a mhéadú. Dá bhrí sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún measúnú iomlán a dhéanamh ar thrasuí an Chomhshocraithe Fhioscaigh sa dlí náisiúnta faoi lár na bliana 2015.

18. MEABHRAÍONN SÍ an gealltanas ó Bhallstáit an limistéir euro, a thug siad an 8 Nollaig, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a shainaithin an Coimisiún ina thuairimí faoi na dréachtphleananna buiséadacha do 2015; agus IARRANN SÍ orthu leanúint de dhlúthfhaireachán agus de phlé a dhéanamh ar staid chomhiomlán fhioscach an limistéir euro, lena n-áirítear an seasamh fioscach ar bhonn na réamhaisnéisí eacnamaíocha ón gCoimisiún.

19. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Teachtaireacht ón gCoimisiún le déanaí lena gcuirtear treoir bhreise ar fáil maidir leis an gcaoi a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an úsáid is fearr a bhaint as an tsolúbthacht atá ann cheana i rialacha an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an iarracht atá á déanamh ag an gCoimisiún le soiléireacht níos fearr a thabhairt maidir leis an gcaoi chun a áirithiú go dtacóidh an creat comhchoiteann fioscach le clár oibre an Aontais Eorpaigh maidir le poist agus fás, go háirithe i ndáil le hinfheistíocht agus le hathchóirithe struchtúracha, agus ag an am céanna staideanna timthriallacha i mBallstáit aonair á léiriú níos fearr. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá ann chun creidiúnacht agus éifeachtacht a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis.

20. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur cheart níos mó airde a thabhairt ar cháilíocht agus ar chomhdhéanamh an choigeartaithe fhioscaigh mar aon le tionchar an bheartais fhioscaigh ar an bhfás, trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht caiteachais agus tús áite a thabhairt don infheistíocht tháirgiúil sa chaiteachas rialtais, trí aistriú i dtreo córais chánach atá níos éifeachtúla agus a thacaíonn níos mó leis an bhfás, agus trí aghaidh a thabhairt ar éilliú cánach agus ar imghabháil chánach chun cothroime a áirithiú agus go bhféadfaidh na Ballstáit ioncam ó cháin a bhailiú ar bhealach níos éifeachtaí.

**III. Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh**

21. IS DÍOL SÁSAIMH DI an ceathrú Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, ar tuarascáil ón gCoimisiún í, atá ina túsphointe don Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh do 2015. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn leantach atá á dhéanamh ag na Ballstáit chun a míchothromaíochtaí seachtracha agus inmheánacha a cheartú, go háirithe maidir le heasnaimh sna cuntais reatha, le hiomaíochas, le hathstruchtúrú ar chláir chomhardaithe sna hearnálacha go léir, agus ar an gcaoi sin ag cuidiú le hathchothromú san Aontas Eorpach agus laistigh den limistéar euro. Mar sin féin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil tionchar ag an bhfás mall agus ag timpeallacht an ráta boilscithe ísil ar laghdú na míchothromaíochtaí agus ar rioscaí maicreacnamaíocha agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil dúshláin shuntasacha fós ann go bhfuil gá ann le dul chun cinn breise a dhéanamh ar beartais chun aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí, go háirithe an féichiúnas ard poiblí agus príobháideach mar aon le leibhéil arda sheachtracha fiachais as a dtig ábhair imní maidir le hinbhuanaitheacht. Is tosaíocht fós é feabhas a chur ar an iomaíochas san Aontas. Ag an am céanna, tá barrachais ardaithe fós sna cuntais reatha i roinnt Ballstát agus tá gá ann le grinnscrúdú leantach géar a dhéanamh orthu.

22. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an scagadh eacnamaíoch a thíolaic an Coimisiún sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh inar sainaithníodh 16 Bhallstát a mbeadh tuilleadh anailíse ag teastáil trí athbhreithnithe doimhne, ar ar a mbonn a bhféadfar aon mhíchothromaíochtaí atá ann nó atá ann fós, agus cineál na míchothromaíochtaí sin, a shainaithint. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na forbairtí is déanaí sna Ballstáit inar sainaithníodh míchothromaíochtaí an bhliain seo caite chun measúnú a dhéanamh ar mhéid agus ar mharthanacht na míchothromaíochtaí, na rioscaí a ghabhann leo chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo a leachtaithe, agus cur chun feidhme na mbeart ábhartha á chur san áireamh, lena n-áirítear na bearta sin a moladh roimhe seo i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

23. Cé nach ndéantar measúnú ar thíortha an chláir sa Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch, toisc go bhfuil siad faoi réir géarfhaireachais faoin gclár , CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá ann, mar chuid dá gclár don choigeartú, an dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo a chothú le hathchóirithe arb é an aidhm a bheidh leo na míchothromaíochtaí a sainaithníodh iontu a cheartú. IS DÍOL SÁSAIMH DI comhtháthú na Portaingéile sa chreat faireachais caighdeánach agus go bhfuil athbhreithniú domhain á ullmhú tar éis chur i gcrích rathúil an chláir choigeartaithe eacnamaíoch i lár na bliana 2014. MEASANN SÍ gur cheart an nós imeachta ceannann céanna sin a leanúint do thíortha eile an chláir a luaithe is a thugann siad a gcláir maidir le coigeartú eacnamaíoch chun críche. AONTAÍONN SÍ leis an rún atá ag an gCoimisiún athbhreithniú domhain a ullmhú i gcás na Rómáine, i bhfianaise na moilleanna a bhí ann chun na hathbhreithnithe leathbhliantúla sa chlár coigeartuithe a chur i gcrích.

24. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún athbhreithnithe doimhne na bliana 2015, mar aon leis na Doiciméid Inmheánacha Oibre, a fhoilsiú faoi dheireadh mhí Feabhra i ndoiciméad anailíseach aonair le haghaidh gach Ballstáit den chéad uair. Ba cheart leis sin go n-éascófaí plé níos doimhne iltaobhach ar na torthaí agus ar an obair leantach atá molta maidir le nós imeachta. Ba cheart freisin go mbeadh sé níos soiléire gnéithe a bhaineann le nós imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch a shainaithint maidir leis na moltaí atá sonrach do gach tír faoi leith i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Chun fócas agus éifeachtacht iomlán an nós imeachta a áirithiú, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin is mó, go háirithe an t-iomaíochas a athbhunú agus aghaidh a thabhairt ar fhéichiúnas ard poiblí agus príobháideach mar aon le leibhéil arda sheachtracha fiachais, agus idirdhealú soiléir á dhéanamh idir na dúshláin atá i ndán do na Ballstáit ó thaobh cineálacha agus céimeanna éagsúla riosca agus an phráinn a bhaineann leo faoi seach i ndáil le haghaidh a thabhairt orthu chun iarmhairtí diúltacha a sheachaint. MEASANN SÍ gur cheart an chuid cheartaitheach den nós imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch a chur i bhfeidhm i gcásanna inarb iomchuí.

25. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, mar an gcéanna leis na babhtaí roimhe seo den Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch, go mba cheart breathnú go beacht, sna hathbhreithnithe doimhne, ar fhoinsí na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus ar na rioscaí a bhaineann leo sna Ballstáit atá faoi athbhreithniú. D'fhonn scrúdú a dhéanamh ar na nithe a spreagann na forbairtí ar bhealach mionsonraithe agus comhsheasmhach, ba cheart aird chuí a thabhairt ar na dálaí eacnamaíocha atá sonrach do thíortha ar leith, mar aon leis an leas iomlán a bhaint as réimse leathan uirlisí anailíseacha agus as an bhfaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil is déanaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint d'aird ar leith a thabhairt ar na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le beartais eacnamaíocha agus le míchothromaíochtaí sna Ballstáit atá faoi athbhreithniú; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an fhaisnéis uile is déanaí atá ábhartha a chur ar fáil agus a mhalartú.

26. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil an Coimisiún ag baint úsáide as na caighdeáin staidrimh is déanaí do na táscairí atá san áireamh sa Scórchlár agus sna táscairí cúntacha. MEASANN SÍ go gclúdaítear le táscairí maicreacnamaíocha an scórchláir na gnéithe is ábhartha de na Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha mar aon le forbairtí san iomaíochas. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá leanúint den obair theicniúil d'fhonn a iomchuí is atá an scórchlár a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh mar aon leis na huirlisí agus na creataí anailíseacha chun measúnú a dhéanamh ar a bhfuil ag titim amach agus ar na nithe sin is cúis le teacht chun cinn míchothromaíochtaí agus is cúis le hiad a leachtú, agus go dtacófar le trédhearcacht an Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch.

27. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar ról na dtáscairí sóisialta sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh agus san anailís ar dhúshláin fostaíochta agus sóisialta sna hathbhreithnithe doimhne. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá ann cineál an nós imeachta don Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch a chaomhnú go cúramach agus, ag an am céanna, trédhearcacht agus comhsheasmhacht a choimeád idir na táscairí atá ann cheana. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go mbeadh úsáid táscairí sóisialta sa nós imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch teoranta chun tuiscint níos leithne a fháil ar fhorbairtí sóisialta a bhaineann le coigeartú míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Chun an méid seo a áirithiú, tá tuilleadh plé teicniúil leis na Ballstáit riachtanach.

28. IS DÍOL SÁSAIMH DI athbhreithniú an Choimisiúin ar an rialachas eacnamaíoch, lena n-áirítear athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an nós imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch; COMHAONTAÍONN SÍ, d'ainneoin an tréimse theoranta ó tháinig sé i bhfeidhm, gur chabhraigh an nós imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch le míchothromaíochtaí a shainaithint agus a gcineál a chinneadh agus le tuiscint níos fearr a bheith ann i measc na mBallstát ar na dúshláin atá os a gcomhair, a bhaineann le beartais shonracha agus chomhchoiteanna agus ar fhreagairtí beartais; MEASANN SÍ go bhfuil gá ann feabhas a chur ar intuarthacht agus ar chobhsaíocht an phróisis, lena n-áirítear ar an bhfaireachán a dhéanfar ina dhiaidh sin, agus ar chur chun feidhme na moltaí beartais ábhartha ar an leibhéal náisiúnta.

29. Ar deireadh, IARRANN sí ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt, ar bhealach uaillmhianach, nithiúil sna Cláir Náisiúnta um Athchóiriú agus sna Cláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú acu amach anseo ar na saincheisteanna a shainaithnítear i gcreat an nós imeachta do mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.